

**Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad**

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 1 (A1)

Scrúdú samplach 1

Scrúdú Cainte



An Scrúdú Cainte

Cártaí an Scrúdaitheora

Tá 40% de mharc iomlán an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.
Tá trí chuid sa scrúdú:

CUID 1 3-4 nóiméad.

- **An réamhchaint** (gan marc ar bith)
Chun na hiarrthóirí a chur ar a gcompord.

Dia duit / Dia is Muire duit.

Cad é mar tá tú? / Cén chaoi a bhfuil tú? / Conas tá tú?

An bhfuil tú go maith?

Cad is ainm duit? / Cá hainm atá ort? / Cén t-ainm atá ort?

Tá sé deas bualadh leat.

- **Ceisteanna sa scrúdú féin**

Déanfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a roghnú ó roinnt de na topaicí atá le fáil sa siollabas. Mar shampla; cúlra agus áit chónaithe, an teaghlach, cúrsaí oibre, caitheamh aimsire, laethanta saoire agus taisteal agus araile. Seo thíos samplaí de na cineálacha ceisteanna a chuirfear:

Cá bhfuil tú i do chónaí?

Cén obair a dhéanann tú?

Cén áit a bhfuil tú ag obair?

An imríonn tú aon spórt?

An dtéann tú go dtí an phictiúrlann?

An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?

CUID 2 2-3 nóiméad

Rólghníomhaíocht

Tabharfaidh an feitheoir cárta 1 nó 2 don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosóidh an scrúdú cainte. Tá dhá chárta ann ar fad (1) **Fógra faoi cheolchoirm** agus (2) **Fógra faoi chúrsa Gaeilge**. Déan cinnte go bhfuil an cárta atá agatsa ag freagairt do chárta an iarrthóra.

Níor cheart do na hiarrthóirí scríobh ar na cártaí agus **beidh ort iad a bhailiú ag deireadh an scrúdaithe**.

.....

Rólghníomhaíocht 1 FÓGRA faoi cheolchoirm

- Seo thíos eolas faoi dhá cheolchoirm ar leith, ceann a chonaic tusa i nuachtán agus ceann eile a chonaic an t-iarrthóir.
- Tosaigh thusa agus cuir ceisteanna ar an iarrthóir faoin cheolchoirm a chonaic seisean/sise. Tá comhrá samplach thíos le cabhrú leat.
- Nuair a bheas an méid sin déanta, tabhair deis don iarrthóir ceisteanna a chur ortsa faoin fhógra do cheolchoirm a chonaic tusa.

Cárta an scrúdaitheora

Teach Tábhairne Uí Néill

An Gleann Mór, Corcaigh

Ceolchoirm leis an amhránaí
traidisiúnta Bríd Nic Dhonncha

Oíche Aoine

1ú Lúnasa ag tosú 9.30

Ticéid €

Gach eolas ag Seán ag: (021) 45742134

Comhrá samplach

S: Cá bhfuil an cheolchoirm ar siúl?

I: In Óstán na Farraige.

S: Agus cén áit a bhfuil sé sin?

I: Ar an tSráid Ard, sa Spidéal i nGaillimh.

S: Cén oíche a bheidh sé ar siúl?

I: Oíche Aoine, an ceathrú lá de mhí Iúil.

S: Cén t-am a mbeidh sé ag tosú?

I: Ag leathuair tar éis a hocht.

S: Agus cé mhéad atá ar na ticéid?

I: Fiche euro nó deich euro do pháistí.

S: Cén áit ar féidir tuilleadh eolais a fháil?

I: Is féidir glooch a chur ar an uimhir (091) 764964.

S: Go raibh míle maith agat.

Cárta an iarrthóra

ÓSTÁN NA FARRAIGE

An tSráid Ard, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ceolchoirm mhór

Ceoltóirí áitiúla

Amhráin ó Chonamara & Maigh Eo

Beidh an cheolchoirm ar siúl oíche

Aoine 4 Iúil ag tosú ag 8.30 pm

Ticéid: €20 (€10 páistí)

Gach eolas: (091) 764964

Rólghníomhaíocht 2 Cúrsa Gaeilge

- Seo thíos eolas faoi chúrsa Gaeilge a chonaic tú i nuachtán agus eolas faoi chúrsa eile a chonaic an t-iarrthóir.
- Cuir ceisteanna ar an iarrthóir faoin fhógra atá aige/aici siúd agus ansin freagair na ceisteanna a chuirfidh seisean/sise ortsa.
- Tá comhrá samplach thíos le cabhrú leat.

Cárta an scrúdaitheora

Cúrsa Gaeilge
Áit: Bunscoil na Carraige
Am: Gach Déardaoin 7.30 –
9.00 pm
Dáta: 03.09 go dtí 02.11
Costas: €60
Gach eolas: (021) 543786

Cárta an iarrthóra

Cúrsa Gaeilge
Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim?
Tá cúrsa nua ag tosú!
Áit: Scoil an Phobail
Am: Gach Luan 7.00 – 8.30 pm
Dáta: 02.09 go dtí 03.12
Costas: €90
Gach eolas: (054) 820190

Comhrá samplach

- S: Cá mbeidh an cúrsa ar siúl?
I: I Scoil an Phobail.
S: Cén oíche a bheidh sé ar siúl?
I: Gach oíche Luain. Beidh an cúrsa ag tosú ar an dara lá de Mheán Fómhair agus beidh sé ag críochnú ar an tríú lá de Nollaig.
S: Cén t-am a mbeidh an rang ar siúl gach oíche?
I: Idir a seacht agus leathuair tar éis a hocht.
S: Cé mhéad a chosnaíonn an cúrsa?
I: Nócha euro.
S: Cén áit ar féidir tuilleadh eolais a fháil?
I: Is féidir glaoc a chur ar an uimhir (054) 820190.
S: Go raibh míle maith agat.

CUID 3 2-3 nóiméad

Cur síos ar phictiúr

- Tabhair cóip den phictiúr don iarrthóir.
- Abair leo go bhfuil nóiméad amháin acu le breathnú ar an phictir.
- Ansin, abair ‘An féidir leat cur síos a dhéanamh ar na rudaí éagsúla atá le feiceáil sa phictiúr seo?’
- Lig dóibh leanúint ar aghaidh go dtí go mbeidh siad críochnaithe.
- Má bhíonn deacrachtaí acu is féidir leat cabhrú leo trí cheisteanna a chur orthu a bhaineann leis an phictiúr, mar shampla: ‘Cad é atá ar siúl ag X?’ nó ‘Cá bhfuil an bus ag dul?’

An Scrúdú Cainte (Cuid 2)

Cárta an Iarrthóra

Rólghníomhaíocht 1 (fógra faoi cheolchoirm)

- Seo thíos fógra a chonaic tú sa nuachtán. Tá fógra ag an scrúdaitheoir faoi cheolchoirm eile.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh sé/sí ort faoin cheolchoirm atá agatsa.
- Ansin cuir ceisteanna air/uirthi faoin cheolchoirm atá aigesean/aicise.

Cárta an iarrthóra

ÓSTÁN NA FARRAIGE

An tSráid Ard, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ceolchoirm mhór

Ceoltóirí áitiúla

Amhráin ó Chonamara & Maigh Eo

Beidh an cheolchoirm ar siúl oíche

Aoine 4 Iúil ag tosú ag 8.30 pm

Ticéid: €20 (€10 páistí)

Gach eolas: (091) 764964



An Scrúdú Cainte (Cuid 2)

Cárta an Iarrthóra

Rólghníomhaíocht 2 (Fógra faoi Chúrsa Gaeilge)

- Seo thíos eolas faoi Chúrsa Gaeilge a chonaic tú i nuachtán. Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi chúrsa eile ar fad.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoin chúrsa.
- Ansin cuir ceisteanna air/uirthi faoin fhógra atá aigesean/aicise.

Cárta an iarrthóra

Cúrsa Gaeilge

Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim?

Tá cúrsa nua ag tosú!

Áit: Scoil an Phobail

Am: Gach Luan 7.00 – 8.30pm

Dáta: 02.09 go dtí 03.12

Costas: €0

Gach eolas: (054) 820190

An Scrúdú Cainte (Cuid 3)

Tá nóiméad amháin agat le breathnú ar an phictiúr thíos.
Ansin, cuirfidh an scrúdaitheoir ceist ort 'An féidir leat cur síos a dhéanamh
ar na rudaí éagsúla atá le feiceáil sa phictiúr seo?'

